Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9981/22

LIMITE

POLCOM 51
SERVICES 5
WTO 115

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0174(NLE)**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe (Seirbhísí agus Infheistíocht)) |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9979/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, comhaontú maidir le sceidil de cheangaltais shonracha faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí a mhodhnú chun Iarscríbhinn 1 den Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí an 2 Nollaig 2021 a ionchorprú<br>– Iarraidh ón gComhairle ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 7 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, comhaontú maidir le sceidil de cheangaltais shonracha faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí a mhodhnú chun Iarscríbhinn 1 den Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí an 2 Nollaig 2021 a ionchorprú[1].

2. Thacaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe (Seirbhísí agus Infheistíocht)) leis an togra, mar a modhnaíodh ar bhonn togra comhréitigh ón Uachtaránacht chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh, ag na cruinnithe a bhí aige an 8 Meitheamh agus an 22 Meitheamh.

[1] 9979/22 + ADD1

3. I gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) CFAE, ba cheart don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar dtús maidir leis an dréacht-Chinneadh a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

4. I bhfianaise an méid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, mar mhír 'A', an dréacht-Chinneadh a chur ar aghaidh, maidir leis an modhnú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar Sceideal an Aontais de Cheangaltais Shonracha faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS) a fhormheas chun Iarscríbhinn 1 den Dearbhú maidir le tabhairt i gcrích na Caibidlíochta maidir le Rialáil Intíre Seirbhísí an 2 Nollaig 2021 ionchorprú, mar a leagtar amach in 9982/22 + ADD 1 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.

PUBLIC